Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10910 — Macquarie / Aberdeen / AIP / Certain MásMóvil Assets)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 409/12)

1. An 17 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Asset Holdings Limited ("Macquarie", an Ríocht Aontaithe),

— Aberdeen Infrastructure (Holdco) IV B.V. agus Aberdeen Infrastructure (Holdco) IV-A B.V. (le chéile "Aberdeen", an Ísiltír),

— Arjun Infrastructure Partners Limited ("AIP", an Ríocht Aontaithe),

— Líonra snáthoptaice chomh fada leis an mbaile ("FTTH") ("Certain MásMóvil Assets", an Spáinn) atá faoi úinéireacht MásMóvil Broadband S.A.U faoi láthair.

Gheobhaidh Macquarie, Aberdeen agus AIP rialú comhpháirteach ar shócmhainní áirithe MásMóvil trí Uclés Infraco, S.L. ("Uclés Infraco", an Spáinn) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(2) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda infheistíochta, baincéireachta agus seirbhísí airgeadais é Macquarie atá gníomhach i réimse leathan gnólachtaí, lena n-áirítear infheistiú i raon leathan earnálacha amhail acmhainní agus tráchtearraí, fuinneamh, institiúidí airgeadais, bonneagar agus eastát réadach,

— Is bainisteoir sócmhainní é Aberdeen a bhainistíonn aicmí sócmhainní éagsúlaithe is é sin cothromais, ioncam seasta, maoin, bonneagar agus cothromas príobháideach. Tá sé gníomhach i réimse leathan earnálacha lena n-áirítear iompar, bonneagar sóisialta, cóireáil dramhaíola agus uisce agus líonraí táirgthe fuinnimh ghlain,

— Is cuideachta neamhspleách bainistíochta sócmhainní é AIP atá tiomanta d'infheistíochtaí bonneagair mheánmhargaidh a fhorghníomhú agus a bhainistiú. Trína chuideachtaí punainne rialaithe, tá AIP gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear iompar (oibreoir farantóireachta agus gnó seirbhíse mótarbhealaí), fuinneamh in-athnuaite (ardáin ghréine, gaoth amach ón gcósta agus ar thalamh, gléasraí bithfhuinnimh, cuideachtaí uisce agus fuíolluisce), earnálacha rialáilte (soláthar comhtháite cumhachta agus dáileadh fuinnimh) agus bonneagar digiteach (snáithín).

— Sócmhainní áirithe MásMóvil comhdhéanta de líonra FTTH a bheidh á bhfeidhmiú ag Uclés InfraCo le tacaíocht óna chomhchuideachta Pentacom Investments (an Spáinn) Opco, SL.U. ("Onivia", an Spáinn) (iad araon á rialú go comhpháirteach ag Macquarie, Aberdeen agus AIP) chun seirbhísí rochtana idirlín leathanbhanda mórdhíola a sholáthar do Sholáthraithe Seirbhíse Idirlín ionas gur féidir leo seirbhísí idirlín miondíola a sholáthar do chustaiméirí deiridh. Is oibreoir bonneagair néarach é Onivia (in éineacht le Uclés InfraCo) atá gníomhach i soláthar seirbhísí rochtana leathanbhanda mórdhíola sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10910 — Macquarie / Aberdeen / AIP / Certain MasMóvil Assets

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË